LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

RÁITEAS STRAITÉISE
2009-2011

35-39 Bóthar Shíol Broin, Baile Átha Cliath 4
35-39 Shelbourne Road, Dublin 4

Tel: +353 1637 7600
Fax: +353 1637 7601

www.lawreform.ie
info@lawreform.ie

Is Comhlacht Reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí bunaithe ag an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*
The Law Reform Commission is a statutory body established by the *Law Reform Commission Act 1975*
Mrs Justice Catherine McGuinness, President Patricia T Rickard-Clarke, Solicitor Prof Finbarr McAuley Marian Shanley, Solicitor Donal O'Donnell SC

RÁITEAS STRAITÉISE

2009-2011

RÉAMHFHOCAL 1

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA 2

FORBHREATHNÚ AN CHOIMISIÚIN 3

FIÚNTAIS AGUS MUID I MBUN ÁR BHFEIDHME 4

Neamhspleáchas 4

Neamhchlaontacht 4

Taighde d'ardchaighdéan 4

Caidreamh Éifeachtacha 4

Freagrúlacht 4

CLÁR ROLLACHA OIBRE AGUS PLEAN GNÓ 5

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN AR THIONSCADAIL UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 5

Modheolaíocht inmheánach agus bainistíocht 5

An Próiseas Comhairliúchán as a dtiocfaidh Páipéir Comhairliúcháin agus Tuairiscí 5

Athráiteas agus An tEolaire Reachtaíochta 5

ACMHAINNÍ DAONNA 6

ÚSÁID ÉIFEACHTACH na n-ACMHAINNÍ 6

CAIDREAMH LEIS AN ARD-AIGHNE 6

CAIDRIMH EACHTRACHA 7

AN EARCAÍOCHT 7

BAINISTÍOCHT RIOSCA 8

RANNÍOCAÍOCHT NA FOIRNE AGUS FORBAIRT 8

EOCHAIRCHUSPÓIRÍ 9

EOCHAIRCHUSPÓIR 1 10

TIONSCADAIL UM ATHCHÓIRÍIÚ DLÍ 10

An Toradh 10

EOCHAIRCHUSPÓIR 2 11

ATHRÁITEAS AN DLÍ REACHTÚIL 11

EOCHAIRCHUSPÓIR 3 13

AN TEOLAIRE REACHTAÍOCHTA 13

EOCHAIRCHUSPÓIR 4 15

TACAÍOCHT RIARACHÁIN/DLÍTHIÚIL 15

AGUISÍN 18

TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2008-2014 18

TIONSCDAIL ATÁ SAN ÁIREAMH SA TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 18

RÉAMHFHOCAL

Tá an-áthas orm, agus ar mo chomhghleacaithe sa Choimisiún, ár Ráiteas Straitéise do 2009-2011 a chur i láthair.

Leagann an Ráiteas seo síos na bun-tosaíochtaí agus straitéisí atá ar intinn againn don tréimhse sin chun a chinntiú go mbeidh ról lárnach i gcónaí ag an gCoimisiún agus go mbeidh páirt shuntasach aige i dtaca le hathchóiriú an dlí sa tír seo .

Cuireadh an Ráiteas le chéile in éineacht le foireann an Choimisiúin agus tá a lán de na moltaí a rinne siad le linn an phróisis chomhairliúcháin corpraithe sa ráiteas. Tá páirt ríthábhachtach ag foireann dhlíthiúil agus neamhdhlíthiúil an Choimisiúin ina chuid oibre. Ní taise d'fhoinsí seachtracha – idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí i réimsí dlíthiúla agus i réimsí eile – a mbaineann an Coimisiún leas astu chun cuidiú leis gnéithe áirithe dá ghníomhaíochtaí a chur i gcrích. Is mór go deo ag an gCoimisiún an cúnamh sin.

An bhliain seo chaite, thosaigh an Comisiún an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* agus, le linn tréimshe na straitéise seo, tá dóchas ag an gCoimisiún dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh i gcíoradh cuid mhór na n-ábhar dlithúla sainithe sa Chlár agus moltaí a cuir i gcrích d'athchóirithe dlí ins na réimsí sin. Déanfhaidh an Coimisiún forbairt breise freisin ar an gclár Athráitis an Dlí Reachtúil mar aon le nuashonrú agus nuachóiriú ar an Eolaire Reachtúil.

Le linn tréimhse ár n-iar ráitis straitéise, rinneadh dul chun cinn suntasach i gníomhaíochtaí arna ngabháil i láimh ag an gCoimisúin a chomhlíonadh de bhealach lán-éifeachtach agus cost-éifeachtúil. Tá dóchas ag an gCoimisiún go leanfar ar aghaidh leis an dul chun cinn seo le linn 2009-2011, tréimhse ríthabhactach don aidhm seo.

Tá dóchas ag an gCoimisiún, i gcomhpháirtíocht lena fhoireann, go gcoinneoidh na tosaíochtaí, na gníomhaíochtaí agus an cur chuige atá cuimsithe ag an Ráiteas Straitéise seo an Coimisiún chun tosaigh in athchóiriú dlí agus go gcuirfidh sé ar a chumas comhlíonadh an tsainordaithe atá tugtha dó.

An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness
Uachtarán

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaon agus saineolach agus moltaí a dhéanamh mar thoradh ar sin d'athchóiriú an dlí.

FORBHREATHNÚ AN CHOIMISIÚIN

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, a bunaíodh leis an Acht um Athchóiriú an Dlí 1975. Is í ár bPríomhfheidhm ná chun an dlí a choiméad faoi bhreithniú, agus chun tograí a dhéanamh i dtaobh athchóirithe, go háirithe trí reachtaíochta a achtú chun an Dlí a a shoiléiriú agus a nuachóiriú a mholadh. Tá cúigear baill ag an gCoimisiún-beirt go lánaimseartha agus triúr go páirtaimseartha.

Comhlíontar feidhm an Choimisiúin faoi Chlár Athchóirithe Dlí. D'ullmhaigh an Coimisiún an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014 tar éis na comhairle agus na cainte. Dé réir an Achta 1975, cheadaigh an Coimisiún é i Mí na Nollag 2007 agus chuir an Coimisiún é os comhair gach Tí den Oireachtas. Oibríonn an Coimisiún chomh maith ar ábhair shonracha dá dtagraítear ag an Ard-Aighne faoi Acht 1975.Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún thart ar 140 doiciméad ina bhfuil tograí Athchóirithe Dlí, agus tá siad go léir ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie. D'athchóirigh formhór na dtograí an reachtaíocht.

Ó 2006, cuimsíonn feidhm an Choimisiúin réimse dúshlánach nua, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtúil . Cuimsítear leis an Dlí Reachtúil Athráiteas, comhdhlúthú riaracháin na leasuithe ar Acht go téacs singil, chun go mbeadh Reachtaíocht níos inrochtana. Faoin Acht um an Dlí Reachtúil Athráiteas 2002, is féidir feidhm a bhaint as an téasc seo atá deimhnithe ag an Ard-Aighne mar fhianaise an Dlí i gceist. Is treoir oiriúnach anótáilte an Eolaire Reachtaíochta i dtaobh athruithe reachtaíochta, ar a dtugtaí táblaí Croineolaíocha na reachtanna roimhe seo.

FIÚNTAIS AGUS MUID I MBUN ÁR BHFEIDHME

Cuirimid béim áirithe ar roinnt fiúntais agus muid i mbun ár bhfeidhme.

Neamhspleáchas

Tá neamhspleáchas fíor-thabhachtach i gcomhlíonadh ár bhfeidhme mar is cuí. Fad is atá an neamhspleáchas mar phríomhfheidhm againn, tuigimid chomh maith go gcaithfidh teagmháil cheart a bheith ann leis na geallsealbhóirí ar fad sa sochaí, lena n-áirítear an pobal agus an Rialtas.

Neamhchlaontacht

Tuigimid an tabhacht a bhaineann le comhlíonadh ár bhfeidhme i mbealach neamhchlaonta agus oibiachtúil. Baineann an coincheap seo lenár nóisean an neamhspleáchais.

Taighde d'ardchaighdéan

Tá Taighde d'ardchaighdéan agus athbreithniú saineolaithe mar bhunús ár oibre. Sonraítear páipéir comhairliúcháin agus tuairiscí de tháirgeadh Coimisiún um Athchóiriú an Dlí mar théacs deifnídeach an Abhair Dlí sin. Ar an gcuma chéanna, tá an t-Eolaire Reachtaíochta fíor-thábhachtach.

Caidreamh Éifeachtacha

Tugtar cuireadh do speisialtóirí dlíthiúla agus saineolaí eile chun cuidiú linn mar bhaill gasraí Oibre agus gasraí úsáideoirí. Tá caidreamh leanúnach againn chomh maith le h'oifig an Ard-Aighne, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Ranna eile an Rialtais. Tá forbairt caidreamh éifeachtacha fío-thabhachtach dúinn agus ár n-obair, atá i gcomhréir leis an ngealltanas chun cinntiú go gcoiméadaimid ár neamhspleachas agus ár neamhchlaontacht.

Freagrúlacht

Tá mar bunluach againn bheith freagrúlach in aghaidh riachtanais sochaí na hÉireann. Ráthfar an freagrúlacht seo trí mheán comhairliúcháin chomhsheasmhach agus leanúnach a bheith againn ar gach tionscadal de chuid an Choimisiúin.

CLÁR ROLLACHA OIBRE AGUS PLEAN GNÓ

Déanann an Coimisiún a chuid oibre ar bhonn Cláir Rollaigh Oibre ina mbíonn spriocdhátaí le chun céimeanna éagsúla den obair a bhaint amach, mar chuidiú leis an gCoimisiún i monatóireacht na spriocanna sin a bhaint amach, déantar athbhreithnithe ráithiúla ar an gClár oibre trí Phlean Gnó an Choimisiúin.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN AR THIONSCADAIL UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Modheolaíocht inmheánach agus bainistíocht

Cinntíonn an Coimisiún go gcuirtear gach tionscadal faoi chúram taighdeora a bhíonn ag obair faoi threoir ghinearálta an stiúrthóra taighde agus an Coimisiún. Baineann an Coimisiún úsáid freisin as Grúpaí oibre, a gcuireann a mbaill a gcuid saineolais ar fail ar bhonn deonach, i réimsí ina bhfuil gá le hionchur suntasach ó shaineolaithe. De bharr a chasta is a bhíonn cuid de na ceisteanna a éiríonn, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí áirithe dlí agus eolais ghairmiúil eile ar ábhair áirithe. Tá Páipéir Comhairliúchain an Choimisiúin atá foilsithe bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil. Tugann an Coimisiún aird ar leith go dlíthe dlínse inchomparáide, chomh maith le tograí a chuireann comhlachtaí um Athchóiriú an Dlí ar aghaidh sna dlínse seo.

An Próiseas Comhairliúchán as a dtiocfaidh Páipéir Comhairliúcháin agus Tuairiscí

Tá an próiseas comhairliúcháin fíorthábhachtach d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh an comhairliúchán a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. i gcéimeanna tosaigh an taighde, d'fhéadfadh an Coimisiún bualadh le saineolaithe nó cleachtóirí a bheadh ag obair i réimse ar leith, nó ionadaithe ghrúpaí leasmhara. ansin ullmhóidh agus foilseoidh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin. Lorgóidh an Coimisiún aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara ar na moltaí sealadacha atá déanta sa Pháipéar Comhairliúcháin. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh i ndréachtú na tuarascála deiridh ar an ábhar, agus déileáilfear le haon cheisteanna nó ábhair imní sa tuarascáil. sara ndéantar an tuarascáil a dhréachtú is iondúil go dtionóltar seimineár ar a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara, nó dóibh sin a rinne aighneachtaí. Cuimsíonn an Choimisiún dréacht-Bhille I ngach Tuairisc ina ndéanann sé moltaí ag lorg athruithe reachtaíochta.

Athráiteas agus An tEolaire Reachtaíochta

Séard atá i gceist le athráiteas a ullmhú ná cuardaigh stóir leictreonach reachtaíochta agus acmhainní eile mas cuí, bailíochtaithe in aghaidh an tábla cuí san Eolaire Reachtaíochta a chorprú in aon téacs amháin. Cuireann é seo liosta na leasaithe ar fail atá corpraithe san athráiteas. Cuimsíonn gcéimeanna eile, taighde ar fhorálacha um tosach feidhme agus oird, nóta leasuithe téacsúla agus neamhtéacsúla le suimiúchán notaí eagarthóireachta más cuí. Téann athráiteas críochnaithe faoi athbhreithniú piaraí agus seiceáiltear na leasuithe agus na foinsí go léir agus, faoi dheireadh léirmheasanna ag an mbainisteoir tionscadail. Más cuí, cuitear dréacht athráitis faoi bhráid don ghníomhaireacht cuí nó roinn le haghaidh tuilleadh léirmheasa (mar shampla, cuitear na hAchtanna um Chosaint Sonraí faoi bhráid oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí).

Is gá léitheoireacht na reachtaíochta nua in Eolaire Reachtaíochta a choinneáil chun aon leasuithe, téacsúla nó neacmhthéacsúla. Tá siad anailísithe, anótáilte agus curtha i gcomórtas le torthaí an phróisis céanna a dhéantar gan spleáchas dóibh. (dall dúbailte) agus aon neamhréireachtaí imscrúdaithe agus ceartúcháin déanta. Tá siad athbhreithnithe faoi dheireadh ag an mbainisteoir tionscadail.

ACMHAINNÍ DAONNA

Is meascán de chúnamh dlí agus foireann riaracháin í an fhoireann atá freagrach as clár oibre an Choimisiúin a sholáthar. (Féach thuas, le haghaidh ne modhanna oibre na foirne dlí).

Tá rolla na foirne riaracháin faoi thrí. Bíonn sé chun tosaigh ó thaobh caidreamh leanúnach le hoifig an Ard-Aighne de ar raon ábhar mar bhainistíocht airgeadais, nuachóiriú státseirbhíse a chur i ngníomh agus clár bainistíochta athruithe =, cuntasaíocht agus tionscnaimh eile a thagann faoi pholasaithe an Rialtais. Tugann sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí na heagraíochta trí theicneolaíocht faisnéise, airgeadais, acmhainní daonna agus seirbhísí clódóireachta agus foilseacháin. Tugann sé tacaíocht chomh maith don eagraíocht maidir le hábhair mar shampla, foirgnimh, cóiríocht, ceannach, soláthar, seimineáir, comhdhálacha agus sábháilteacht.

I gcomhairle leis an gCoimisiún, bíonn an Ceannasaí Riaracháin agus Forbraíochta chun tosaigh i bhforbairt straitéiseach na heagraíochta agus bíonn sé mar runaí don Choimisiún.

Tugann an Bainisteoir Faisnéise Dlí agus an catalógaí tacaíocht d'obair na foirne taighde dlí go háirithe agus an eagraíocht go ginéaralta trí sheirbhísí eolais agus leabharlainne ar fáil sa chomhpháirtíocht le leabharlanna eile agus soláthraithe taighde.

ÚSÁID ÉIFEACHTACH na n-ACMHAINNÍ

Tá an Coimisiún tiomanta d'úsáid na n-Acmhainní chomh éifeachtach agus is féidir chun chinntiú go mbaintear amach na gcuspóirí. I dtimpeallacht dhúshlánach, optamóidh an Coimisiún úsáid na n-Acmhainní go léir atá aige, idir airgeadais agus daonna, ag féachaint go háirithe ar chlár um nuachóiriú an Rialtais. Go háirithe, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh sa tóir ar úsáid na seirbhísí Comhroinnte, más cuí. Leantar dea-chleachtas in Acmhainní daonna nua-aimseartha agus bainfear leas as bainistíocht airgeadais agus teicneolaíocht faisnéise chun feabhas a chur ar fheidhmiúchán agus seachadfar seirbhís ardchaighdeáin ar chostas íseal. Féachfaidh an Coimisiún go háirithe i leith úsáid mhór ríomhfhoilsitheoireachta, chun an costas aschurtha tháirgíocht na dtuairiscí a laghdú agus chun an lucht féachana is mó a fháil dá fhoilseacháin.

Rachaidh an tuairim atá lárnach do ábharthacht agus ranníocaíocht an Choimisiúin maidir le hathchóiriú dlí i gcion ar dhearcadh maidir le leithdháilte acmhainní agus tacaíocht d'obair an Choimisiúin go ginéaralta. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh aschur ardchaighdeáin a seachadadh agus an ábharthacht leanúnach agus tábhacht an dlí a choiméad suas chun dáta, sorochtana agus cruinn, go háirithe i dtimpeallacht ina gcaithfidh acmhainní ganna díriú ar na réigiúin ar chun tairbhe a thabhairt do na saoránaigh.

Rachaidh forbairt chultúr feidhmiúcháin bríomhar chun cinn laistigh den eagraíocht leis an bpáirtíocht phearsanta an Choimisiúin agus tá an Coimisiún tiomanta do dheimhin a dhéanamh go gcuirtear cultúr mar sin i struchtúr na heagraíochta, déanta ar pháirtíocht uasta agus rannpháirtíocht an foirne sna réigiúin oibríochta go léir.

CAIDREAMH LEIS AN ARD-AIGHNE

Faoi mhír 4(2) an Acht um athchóiriú dlí, is féidir leis an Ard-Aighne iarr ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh agus taighde a dhéanamh ar ábhair áirithe an dlí. In áit ina bhfuil iarratais, cuirfidh an Coimisiún a Clár Rollacha Oibre in oiriúint chun cúntas a thabhairt ar na hacmhainní breise atá ag teastail chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh don Ard-Aighne. Tá na hábhair a thagann faoi atreoruithe den sort seo leasa don Phobail agus a thagnn de dhroim ceangaltas sonracha atá igclár don Rialtas. Chuimsigh atreoruithe úrnua, uchtú idirnáisiúnta, bunú an bhunachair sonraí DNA agus Achomhairc Ionchúisimh in aghaidh éigiontuithe a eisiúint. D'aistrigh freagracht

fheidhmiúil le haghaidh Athráiteas Dlí Reachtúil agus an chothabháil leanúnach an Eolaire Reachtaíochta go dtí an Coimisiún um um Athchóiriú an Dlí ó oifig an Ard-Aighne.

De bhreis ar sin, seasann an Ard-stiúrthóir oifig an Ard-Aighne d'oifigeach cuntasaíochta don deontas i gcabhair a fhaightear ag an gCoimisiún go bliantúil. De bharr go bhfuil dlúthchaidreamh idir an dá oifig, coimeadtar teaghmháil rialta ar eisiúintí comhchásmhaireachta. Tá an Coimisiún tiomanta do na heisiúintí seo a choiméad faoi athbhreithniú.

CAIDRIMH EACHTRACHA

Mar eagraíocht bheag atá tiomanta do thorthaí optamam a fháil ó acmhainní teoranta, coinníonn an Coimisiún sraith caidreamh le hindibhidí eachtracha agus eagraíochtaí. Téann Roinn an Taoisigh i dteaghmháil leis an gCoimisiún go rialta ar ábhair leasa choitinn.

Mar atá thuas leagtha amach, bíonn an Coimisiún ag brath go trom ar eaineolas ón taobh amuigh chun a aidhmeanna gnó a shroicint. Coinnítear caidrimh le baill na breithiúna, dlíodóirí agus abhcóidí cleachtacha, dlíodóirí acadúla, ionadaithe rannacha, saineolaithe i réigiúin neamhdhlíthiúla éagsúla a bhaineann leis an ábhar, ionadaithe grúpaí sainleasmhara agus baill denphobail chun chuidiú leis an gCoimisiún i mbun a chuid oibre.

Is aonán sonrach é an an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le obair an Choimisiúin. Tá sé fíor-thabhachtach i dtacaíocht na hoibre seo, go ginearálta agus trí mholtaí Ahchóiriú an Dí an Choimisiúin a chur i ngníomh. Is eilimint shuntasach é an Athchóiriú Dlí sna freagrachtaí na roinne agus léirítear go bhfuil sé mar cheann de na spriocanna ardleibhéil sa ráiteas straitéise 2008-2019. Tá sé tabhachtach mar sin, go gcoinnítear an teaghmháil atá ann cheana agus socruithe teagmhála idir an Choimisiún agus an Roinn.

Tá freagrachtaí sannta maidir le hAthchóiriú Dlí ag Comhairle chomhairliúcháin, ag oibriú faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear ag cuidiú leis an Ard-Aighne ar ghnéithe sonracha Athchóiriú an Dlí agus monatóireacht cur i ngníomh moltaí an Choimisiúin. Cuimsíonn an chomhairle, ionadaithe Oifig an Ard-Aighne, Ranna an Taoisigh, Airgeadais, Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Sláinte agus Leanaí, Comhairle Bharra na hÉireann agus an Dlí-Chumann.

De bhreis ar na caidrimh thuasluaite, is rannpháirtí gníomhach é an Coimisiún i g comhroinnt eolais agus díospóireachtaí dea-chleachtais le gníomhaireachtaí um Athchóiriú an Dlí eile, lena n-áirítear an Coimisiún Dlí Thuaiscirt Éireann a bhunú le déanaí.

AN EARCAÍOCHT

Comhlíonann an Coimisiún a riachtanais gnó trí earcaíocht na dtaighdeoirí agus trí saineolas dlíthiúil eachtrach a ghairm, más gá sin. Fád is atá an Coimisiún sásta leis an bpróiseas earcaíochta a úsáidtear chun an fhoireann a bheith bainteach tar éis oibriú go maith, tá an Coimisiún fós tiomanta do chinntiú a dhéanamh go gcoiméadtear na próisis seo faoi athbhreithniú leanúnach agus go n-athrítear iad maidir le athrú imthosca agus riachtanais gnó. Is é príomhfheidhm an Choimisiúin ná acmhainní gann a leithdháileadh chun an saineolas is fearr a thabhairt chun críche.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag saothrú agus ag cur i ngníomh polasaí Bainistíochta Riosca, ag feachaint ar threoirlínte na hearnála poiblí cuí, eisithe ag an Roinn Airgeadais.

RANNÍOCAÍOCHT NA FOIRNE AGUS FORBAIRT

Seasann foireann an Choimisiúin, dlíthiúil agus riaracháin dá bhunsócmhainn. Is sainmharcanna dearcadh an Choimisiúin maidir le rannpháirtíocht agus forbart na foirne iad na línte cumarsáide soiléir agus oscailte, sainmhíniú ról agus freagrachtaí, agus cur chuige comhpháirtíochta. Tá an Coimisiún tiomanta do deiseanna a chur ar fáil don fhoireann ar fád chun a gcumas iomlán a fháil amach tríd oiliúint thiomnaithe agus polasaí forbartha agus trí feidhmiúchán a fheabhsú leis an bhfoireann bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (PMDS) le haghaidh foireann na Státseirbhíse.

EOCHAIRCHUSPÓIRÍ

Sainaithnítear ceithre eochairchuspóir bunaithe ar anailís an ráitis seo agus seaseann siad do ghealltanas an Choimisiúin chun seachadadh sa tréimhse 2009-2011. Leagfar amach i bplean gnó an Choimisiúin, na gníomhuithe atá ag teastáil chun na cuspóirí seo a chur i gcrích.

EOCHAIRCHUSPÓIR 1

TIONSCADAIL UM ATHCHÓIRÍIÚ DLÍ

Chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo comhlánaithe go caighdeán ard an scrudú ar: (1) na tionscadail a roghnaigh an Coimisiún ó na 37 tionscadal An Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014; agus (2) más cuí sin, na hábhair áirithe Dlí a iarr an Ard-Aighne ar an gCoimisiún scrudú a dhéanamh.

An Toradh

Foilseachán páipéir comhairliúcháin agus tuairiscí i dtaobh: (1) na tionscadail a roghnaigh an Coimisiún ó na 37 tionscadal An Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014; agus (2) más cuí sin, na hábhair dlí ar leith a iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisún scrudú a dhéanamh orthu.

Gníomhú	Táscaire Feidhmíochta
Páipéir Trasteorann le haighaidh TionscadailUm Athchóiriú an Dlí a fhobairt	Páipéir Trasteorann a aontaigh an Coimisiún
Miondréachtú téasc ma Tionscadail Um Athchóiriú an Dlí a chur chun cinn	Téasc miondréachtaithe a aontaigh an Coimisiún
Páipéir comhairliúcháin maidir le Tionscadail Um Athchóiriú Dlí a fhoilsiú	Páipéir comhairliúcháin, atá ceadaithe le haghaidh foilseacháin ag an gCoimisiún agus foilsithe
Comhairliúchán poiblí le haighaidh Tionscadail Um Athchóiriú Dlí a chur chun cinn	Comhairliúcháin Poiblí a chuireann an Coimisiún ar siúl agus a dhéanann siad léirmheas ar
Tuairiscí le haghaidh Tionscadail Um Athchóiriú Dlí a fhoilsiú	Tuairiscí ceadaithe le haghaidh foliseacháin ag an gCoimisiún agus foilsithe

NÓTA

Tá an fhreagracht iomlán ag an Stiúrthóir Taighde, ar a dtugann an Coimisiún an fhreagracht maidir le forbairt, dul chun cinn agus críochnú na dtionscadal Um Athchóiriú Dlí, maidir leis na Tionscadail seo agus na Gníomhuithe cuí atá bainteach leis an gcríochnú, faoi mar a leagtar amach sa phlean gnó.`

EOCHAIRCHUSPÓIR 2

ATHRÁITEAS AN DLÍ REACHTÚIL

Chun na freagrachtaí a shanntar don Choimisiún ag an Ard-Aighne i 2006 a chur i ngníomh maidir le hAthráiteas an Dlí Reachtúil.

An Toradh

Athráiteas an Dlí Reachtúil atá cuimsitheach agus cruinn i bhformáid XML atá oiriúnach do fhoilseachán leis an Leabhar reachtanna leictreach na héireann, a thabharfaidh reachtaíocht suas chun dáta tríd na iar-leasuithe reachtaíochta a ionchorpú agus a chrostagairt go dtí na bunachtacháin atá sonraithe.

Gníomhú

Na hacmhainní atá riachtanach chun freagrachtaí athráitis don chaighdeán riachtanach sholátharlena n-áirítear:

- Tóraíocht na feidhmiúlachta oibríochtúla an Chórais ceapadóireachta atá_comhtháite le bun-ábhair reachtaíocht uasghrádaithe chun gnóthachain táirgiúlachta pleanáilte a fháil:
- Bún-abhair reachtaíochta nua i bhformáid oiriúnach a sholáthar faoi mar atá sé ar fáil.

Táscaire Feidhmíochta

Feidhmiú éifeachtach an chorais ceapadóireachta agus réadú táirgiúlachta méadaithe agus aschur

Píblíne le haighaidh soláthar rialta an bhun-ábhair reachtaíochta nua i bhformáid oiriúnach.

Táirgeadh Athráiteas	Ullmhúchán na n-Áthráiteas sa Chéad chlár Athráitis 2008-2009 agus iad a chur i láthair don Ard-Aighne le haghaidh deimhniúcháin. Táirgeadh Athráiteas i bhformáid oiriúnach le hagaidh foilseacháin ar an Leabhar reachtanna leictreach na hÉireann (eISB). Tugann teagmháil le hoifig an Ard-Aighne mar airíoch an (eISB) tacaíocht don oiriúnú na ngnáthamh foilseacháin chun foilseachán na nAthráiteas a cheartú.
Bunú grúpa úsáideoirí	Bunú grúpa úsáideoirí nua le hionadaithe na bpríomh geallsealbhóirí chun moladh a thabhairt ar tháirgeacht agus forbairt an dara Chlár.
Forbairt an dara Chlár Athráitis	Forbairt an dara Chlár Athráitis i gComhairle le Ranna an Rialtais, an Lucht Dli, grúpaí sainleasmhara speisialta, Úsáideoirí reachtaíochta eile agus an Poiblí.

NÓTA

Tá an fhreagracht iomlán ag an mbainisteoir tionscadail chun an clár a chur i ngníomh go héifeachtach i gcomhréir leis na riachtanais ar a cinneadh ag an gCoimisiún agus, in éineacht leis

an Stiúrthóir Taighde agus/nó an Coimisiún mar is cuí, le haghaidh teagmháil le hoifig an Ard-Aighne mar gheall ar an tionscadal.

Tá an fhreagracht iomlán ag an gCoimisiún chun athráitis don Ard-Aighne a chur faoi bhráid le haghaidh deimhniúchán.

Tá an fhreagracht iomlán ag an gCoimisiún maidir leis an dara Chlár athráiteas a cheadú ar bhonn meabhrú ar chlár dréachta a tarraingíodh suas ag an mbainisteoir tionscadail i i gcomhairle leis an gcoimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir Taighde, an grúpa úsáideoirí agus ag féachaint ar iarratais a bhfuarthas mar thoradh ar chomhairle phoiblí.

EOCHAIRCHUSPÓIR 3

AN TEOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Chun na freagrachtaí a sanntar don Choimisiún ag an Ard-Aighne i 2007 madir leis an Eolaire Reachtaíochta (ar tugadh Tábla Croineolaíoch na Reachtanna air roimhe seo) a chur i ngníomh.

An Toradh

Nuashonrú cuimsitheach agus cruinn an Eolaire Reachtaíochta is é an toradh a chuireann rianú ar iarmhairtí reachtaíochta a thagann ón Reachtaíocht ó 2006 ar aghaidh, i bhformáid atá oiriúnach do fhoilseachán leis an Leabhar reachtanna leictreach na héireann (eISB). Ullmhúcháin ar Thuairisc ar fhorbairt an Eolaire Reachtaíochta bunaithe ar an bpáipéar comhairliúcháin, An tEolaire Reachtaíochta- I dTreo Samhaile Dea-chleachtais (mí Iúil 2008) (LRC CP-49 2008).

Gníomhú

Freagrachtaí an Eolaire Reachtaíochta a scaoileadhgo caighdeán riachtanach, Tóraíocht na feidhmiúlachta oibríochtúla an Chórais ceapadóireachta atá comhtháite le bun-ábhair reachtaíocht uasghrádaithe chun gnóthachain táirgiúlachta pleanáilte a fháil agus bún-abhair reachtaíochta nua i bhformáid oiriúnach a sholáthar faoi mar atá sé ar fáil.

Táscaire Feidhmíochta

Feidhmiú éifeachtach an chorais ceapadóireachta agus réadú táirgiúlachta méadaithe agus aschur Píblíne le haighaidh soláthar rialta an bhun-ábhair reachtaíochta nua i bhformáid oiriúnach.

An tEolaire Reachtaíochta a choinneáil.	Coinneáil an tEolaire ó 2006 ar aghaidh suas chun dáta leis an eolas breise a beartaíodh sa Pháipéir Comhairliúcháin maidir le hAchtanna Poiblí, agus foráil tréimhsiúla nuashonrúcháin i bhformáid atá oiriúnach do fhoilseacháin idirlín d'oifig an Ard-Aighne mar Aighne mar airíoch an eISB, i dteaghmháil le hoifig an Ard-Aighne chun tacaíocht a thabhairt don oiriúnú na ngnáthamh foilseacháin chun foilseachán an Eolaire Reachtaíochta a cheartú. Rianú ar leasuithe go ionstraimí reachtúla ó 2006 go 2009 ar ar bhonn trialach. Cóimheas, fíorúchán agus ceartúchán earráidí stairiúla. Táblaí coimhdeacha lena n-áirítear liosta comhlua agus tábla rialachán a rinneadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 a choinneáil.
Ullmhúcháin Tuairisce	Taighde agus ullmhúchán ar thuairisc ag tógáil ar Pháipéir Comhairliúcháin; An tEolaire Reachtaíochta: I dTreo Samhaile Dea-chleachtais (Mí Iúil 2008) (LRC CP-49 2008) ag féachaint do taithí maidir leis an Eolaire agus iarratais a fuarthas mar thoradh ar chomhairle phoiblí a choimmeáil.

NÓTA

Tá an fhreagracht iomlán ag an mbainisteoir tionscadail chun an clár a chur i ngníomh go héifeachtach i gcomhréir leis na riachtanais ar a cinneadh ag an gCoimisiún agus, in éineacht leis an Stiúrthóir Taighde agus/nó an Coimisiún mar is cuí, le haghaidh teagmháil le hoifig an Ard-Aighne mar gheall ar an tionscadal.

Tá an fhreagracht iomlán ag an gCoimisiún chun nuashonruithe an Eolaire Reachtaíochta a chur faoi bhráid d'oifig an Ard-Aighne.

Tá an fhreagracht iomlán ag an gCoimisiún maidir leis an Tuairisc agus a moltaí, ag féachaint ar iarratais a bhfuarthas mar thoradh ar chomhairle phoiblí.

EOCHAIRCHUSPÓIR 4

TACAÍOCHT RIARACHÁIN/DLÍTHIÚIL

Leanúint ar aghaidh chun cinntiú go n-oibríonn na foirne Taighde agus Riaracháin le chéile go héifeachtacht optamam chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus é ag déanamh a rolla, agus leis an uaspháirtíocht agus páirtíocht na foirne.

An Toradh

Is tacaíocht riachtanach iad na foirne Taighde agus Riaracháin don fheidhm taighde agus oibleagáidí rialachais an Choimisiúin. Tá caighdéan an taighde déanta ag an gCoimisiún larnach do mhandáid á feidhmiú go héifeachtach. Ar an gcuma chéanna, tá foráil seirbhís tacaíochta lánchomhtháite, mar theicneolaíocht faisnéise, seirbhísí leabharlainne agus eolais, acmhainní airgeadais agus Daonna (lena n-áirítear oiliúint agus forbairt) riachtanach. Is é toradh na ngníomhuithe a tógadh faoin gcuspóir seo na foirne Tiaghde agus Riaracháin ag obair le chéile go hardchaighdeán feabhais, i spiorad na comhpháirtíochta.

Gníomhú	Táscaire Feidhmíochta
Creat Faisnéis Bhainistíochta (MIF) a fhorbairt	MIF curtha i ngníomh
Dea-chleachtas idirnáisiúnta cuí in ábhar taighde a aithint	Comhroinnt taithí a dhoiciméadú
Forbairt leanúnach na bainistíochta feidhmíochta a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gcorás PMDS	PMDS curtha i ngníomh go hiomlán
Comhairle na foirne ceart a fhorbairt agus socruithe Rannpháirtíochta i gcomhairle le bainistíocht agus an fhoireann, go háirithe trí phróiseas comhpháirtíochta áitiúla.	An Próiseas Comhpháirtíochta curtha i ngníomh
Beartas oiliúna agus forbartha a dhréachtú, táilliúrtha go riachtanais inniúlachta agus scile an eagraíocht, i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann.	Beartas oiliúna agus forbartha curtha i ngníomh
Beartas eolais agus teicneolaíochta cumarsáide a dhréachtú, oiriúnach do riachtanais an eagraíocht atá ag athrú, i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann.	Beartas ICT curtha i ngníomh
Beartas bainistíochta taifead nuashonraithe a fhorbairt.	Beartas bainistíochta taifead curtha i ngníomh
Beartas bainistíochta riosca nuashonraithe a fhorbairt.	Beartas bainistíochta riosca athraithe chun dáta
Gabháil i mbún scrúdú leanúnach na bpróiseas leanúnacha neamhdhlíthiúla ar fad san eagraíocht, go háirithe maidir le airgeadais, agus tograí a dhéanamh don Choimisiún.	Tograí a chuirtear i láthair agus a chuirtear i ngníomh

Gníomhú	Táscaire Feidhmíochta
Airithiú foráil na leabharlanna optamam agus na seirbhísí eolas, oiriúnach do riachtanais na heagraíochta.	Leabharlann Optamam agus seirbhís eolais a sheachadtar
Forbairt agus cothabháil na cumarsáide Éifeachtach agus socruithe teagmhála leis an Roinn agus an Taoiseach, Oifif an Ard-Aighne agus geallsealbhóirí eachtracha eile.	Socruithe éifeachtacha a chuirtear i bhfeidhm
Comhlíonadh iomlán a chinntiú le h oibleagáidí reachtúla a thagann faoi cheannteidil ilchineálacha lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, An t Acht na dTeangacha Oifigiúla agus reachtaíocht cosaint sonraí.	Polasaithe a thugtar i réim agus a chuirtear i ngníomh
Meas, sainaithin agus cuir i ngníomh, i gcomhar leis an gCoimisiún agus a fhoireann, athruithe cuí agus feabhsú sa bhainistíocht agus seachadadh gníomhartha taighde.	Tograí a chuirtear i láthair agus a chuirtear i ngníomh

NÓTA

Tá an fhreagracht iomlán ag an gCeannasaí Riaracháin agus Forbairt chun an eochairchuspóir seirbhíse seo a bhaint amach, ag obair go lámh leis an Stiúrthóir Taighde agus na bainisteoirí tionscadal.

SOCRUITHE MONATÓIREACHTA

- Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

- Beidh pleananna gnó sonracha, a léiríonn ranníoc na bhfoirne Riarachán agus Taighde Dlí do na heochairchuspóir seirbhíse a léirítear a bhaint amach úllmhaithe agus críochnaithe;

- Leagfaidh na pleananna gnó seo amach go soiléir na gníomhuithe sonracha atá á thógáil i ngach ábhar, an duine nó na daoine atá freagrach as gach gníomhú a chur i ngníomh, an spriocdáta iomlán do gach gníomhú, an sprioc don bhliain 2009 agus an chéad ráithe eile; agus an duine leis an bhfreagracht iomlán maidir le torthaí faoi gach gníomhú;

- Sainaithneofear sna pleananna cuí an fhreagracht iomlán maidir le spriocanna plean gnó sonrach maidir le heochairchuspóirí;

- Déanfaidh an coiste gach ráithe bainistíochta (an tUachtarán, an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceannasaí Riaracháin agus Forbairt, an Stiúrthóir Taighde agus bainisteoirí Tionscadal) measúnú ar an dul chun cinn ar gach eochairchuspóir i gcomhar leis an duine leis an bhfreagracht iomlán;

- Tuairiscíodh an grúpa se oar aon dul chun cinn gach sé mhí don Choimisiún agus cuirfeadh ar shúile an Choimisiúin láithreach aon fhaidhbanna móra, bagairtí nó deiseanna a thagann chun cinn.

- Beidh léirmheas ar siúl ad deireadh na bliana 2009 chun aon athruithe móra atá ag teastail do 2010 a mheas;

- Beidh aon athruithe cuí don Ráiteas Straitéise 2010 cinnte ag an gCoimisiún;

AGUISÍN

TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2008-2014

TIONSCDAIL ATÁ SAN ÁIREAMH SA TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ

A. Córas Dlíthiúil agus Dlí Poiblí

1. A n Dlí Maidir le Giúiréithe
2. Forfheidhmiú Fiacha agus Urrú Leasanna ar Mhaoin Phearanta
3. Barántais Bhinse agus Barántais Chuardaigh
4. T eorainn le Caingne
5. R éiteach Malartach ar Dhíospoidí
6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna

B. Dlí na Fianaise

7. Fianaise Dhoiciméadach agus Teicneolaíocht
8. Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla
9. N ochtadh Cásanna Cosanta Roimhré
10. Fianaise Fhóiréinseach
11. Fianaise Shaineolach

C. Dlí Coiriúil

12. Dlí Cionta Gnéasacha
13. A n tÍospartach agus an Córas Ceartais Choiriúil
14. Daoine Soghonta agus an Córas Ceartais Choiriúil
15. Ceartas Íocshláinteach
16. M aidir le bunú Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil, scrúdú ar cheisteanna ag eascairt sa chuid ghinearálta den dlí coiriúil
17. Dlí Dúnbhásaithe
18. Cosaintí sa Dlí Coiriúil
19. Cionta Neamhfhorásta

D. Dlí Talún agus Maoine

20. T uilleadh Códaithe Reachtúil ar Dhlí Talún
21. Dlí Iontaobhas agus Tionscadal ar na hAchtanna Talún Socraithe
22. Léarscáil Bhóithre ríomhThíolacadh

E. Dlí Teaghlaigh

23. Gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh
24. Foréigean Baile
25. Dlí Neamhnaithe sa 21ú Aois

F. Grúpaí Sonracha i Sochaí atá ag Athrú

26. Leanaí agus an Dlí

27. A itheantas Inscne
28. Gnéithe Dlíthiúla de Dhaoine Nua agus Daoine atá ag Teacht Chun Cinn i Sochaína hÉireann (Nósanna Imeachta Athaontuithe agus Saoránacht)
29. Gnéithe Dlíthiúla de Chúramóirí

G. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair

30. Gnéithe Dlíthiúla de Bhitheitic
31. Gnéithe Dlíthiúla de Atáirgeadh Daonna Cuidithe
32. Príobháideacht

H. Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

33. Dírathú Conarthaí
34. Conarthaí Árachais
35. Damáistí i nDlí Conartha agus Torta

I. Dlí Idirnáisiúnta

36. S tádas Dlí Idirnáisiúnta i nDlí Intíre na hÉireann
37. Gnéite Dlí Sibhialta den Dlí ar Dhaoine ar Iarraidh